# Treoir Tacaíochta don Uathachas

## Acmhainn d'Oideoirí ag Tacú le Foghlaimeoirí Uathacha san Oideachas Lán-Ghaeilge

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

CENTRE FOR AUTISM
MIDDLETOWN

# Treoir Tacaíochta don Uathachas

## Acmhainn d'Oideoirí ag Tacú le Foghlaimeoirí Uathacha san Oideachas Lán-Ghaeilge

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

CENTRE FOR AUTISM
MIDDLETOWN

# Clár

**Réamhrá** ... **1**
**Uathachas a thuiscint** ... **3**
Uathachas agus dátheangachas ... 3
**Oideachas lán-Ghaeilge** ... **3**
Oiriúnacht an oideachais lán-Ghaeilge do pháistí uathacha ... 3
**Forbairt an dara teanga** ... **4**
Forbairt an dátheangachais do pháistí uathacha ... 4
Céimeanna Forbartha an Dara Teanga ... 5
Ceistiúchán ... 6
Scoláirí a spreagadh chun an dara teanga a labhairt ... 6
**Príomhthréithe: Scileanna Cumarsáide** ... **7**
Tacaíochtaí amharc-chumarsáide do scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge ... 7
Samhaltú agus úsáid teanga ... 7
Cleachtais thacúla chun úsáid na Gaeilge a léiriú ... 7
Stór focal nua agus príomhchoincheapa a mhúineadh ... 8
Cleachtais thacúla chun stór focal nua a fhorbairt ... 8
Ceol a úsáid chun stór focal agus scileanna teanga a fhorbairt ... 8
Acmhainní breise ... 8
**Páistí nach labhraíonn agus páistí a bhfuil cumas labhartha teoranta acu** ... **9**
Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 9
Tacaíochtaí sóisialta i scoileanna lán-Ghaeilge ... 9
10 rud ar mian le dalta uathach a bheith ar eolas agat ... 9
Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 9
**Príomhthréithe: Spéiseanna Athchleachtacha Teorantacha** ... **10**
Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 10
**Príomhthréithe: Monatrópacht** ... **10**
Monatrópacht: an teoiric atá taobh thiar den chleachtas a thuiscint ... 10
Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 10
**Príomhthréithe: Deacrachtaí Céadfacha** ... **10**
Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 10
**Láidreachtaí agus scileanna** ... **11**
**Pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim: Seicliosta don tumoideachas** ... **12**
Seicliosta don tumoideachas ... 12
**Tacaíochtaí: An Timpeallacht Foghlama** ... **12**
Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 12
**Tacaíochtaí: Feidhmiú Feidhmiúcháin** ... **12**
Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 12
**Tacaíochtaí: Teagasc Struchtúrtha** ... **13**
Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 13

**An fhoghlaim a nascadh le réamheolas ... 13**

Focail Ghaolmhara ... 13

Acmhainní ó Mar a Déarfá! ... 14

Closleabhair agus acmhainní scéalaíochta ... 14

Acmhainní breise ... 14

D'acmhainní fuaime féin a chruthú ... 14

**Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim ... 15**

**Gníomhaíochtaí léitheoireachta agus scríbhneoireachta a scafláil ... 15**

**Teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide don ionchuimsiú ... 16**

Acmhainní teicneolaíochta faiséise agus cumarsáide ... 16

Aipeanna as Béarla ... 16

Aipeanna as Gaeilge ... 16

Suíomhanna gréasáin úsáideacha eile ... 16

**Measúnú ... 17**

Uirlisí measúnaithe ... 17

Trialacha ón bhForas Taighde ar Oideachas (Bunscoile agus Iar-Bhunscoile) ... 17

**Tacaíochtaí: Súgradh faoin aer ... 17**

Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 17

Súgradh faoin aer – acmhainní eile Gaeilge ... 18

Cluichí clóis chun teanga na Gaeilge a shealbhú ... 18

**Tacaíochtaí: Imní a bhainistiú/Ag fanacht socair ... 18**

Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 18

**Tacaíochtaí: Freagairtí Míchuibheasacha ar Strus a sheachaint ... 19**

Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 19

**Tacaíochtaí: Scileanna um Rialáil Mhothúchánach ... 19**

Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 19

**Tacaíochtaí: Athrú a Bhainistiú ... 19**

Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 19

**Tacaíochtaí: Scileanna Saoil ... 20**

Tacú le neamhspleáchas agus foghlaim scileanna laethúla ... 20

Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 20

**Tacaíochtaí: Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta ... 20**

Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní ... 20

Caidrimh dhearfacha idir an scoil agus an baile a chruthú ... 20

**Impleachtaí don mhúinteoireacht ... 21**

**Naisc agus Acmhainní Úsáideacha ... 22**

Naisc agus Acmhainní ó Gaeloideachas ... 22

Naisc agus Acmhainní as Gaeilge ... 22

Naisc agus Acmhainní Béarla ... 23

Naisc agus Acmhainní ar an Dátheangachas ... 23



"Tá gach páiste uathúil – níl aon bheirt mar a chéile!

Tá an cumas ag gach páiste an dara teanga a shealbhú.

# Réamhrá

**Tá an-ríméad ar Gaeloideachas agus Middletown Centre for Autism (Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin) an treoir tacaíochta seo do mhúinteoirí a chur ar fáil. Is toradh é an leabhrán ar thionscadal mór comhoibrithe idir an dá eagraíocht agus a bhfuil 60 acmhainn curtha ar fáil i nGaeilge anois dá bharr: acmhainní luathbhlianta, acmhainní don seomra ranga agus podchraoladh. Tá súil againn go rachaidh an Treoir Tacaíocha seo go mór chun leasa na bpáistí agus daoine óga uathacha atá sa chóras oideachais lán-Ghaeilge agus go dtabharfaidh sí noda agus comhairle bhreise dá múinteoirí ar conas tacú leis na foghlaimeoirí seo barr a gcumais a bhaint amach sa chóras tumoideachais.**

I dtaobh an leabhráin seo, forbraíodh é ag cuimhneamh ar riachtanais an mhúinteora ghnóthaigh, agus cuirtear béim ann ar thacaíochtaí agus acmhainní a chur ar fáil ar bhealach atá simplí agus inrochtana dóibh siúd a mhúineann páistí agus daoine óga uathacha trí mheán na Gaeilge.

Tá sé roinnte ina dhá réimse leathana. Is iad seo:

- Dúshláin a thuiscint
- Acmhainní tacúla

Níl an Treoir iomlán uileghabhálach ach tugann sé aghaidh ar chuid de na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith roimh dhaltaí agus scoláirí uathacha*. Mar shampla, cleachtais teagaisc, difríochtaí céadfacha agus bainistíocht imní.

Gheobhaidh na múinteoirí sin a bhfuil an acmhainn seo úsáideach dóibh ina naíonraí, scoileanna agus seomraí ranga, tuilleadh eolais agus seisiúin oiliúna ar shuíomhanna gréasáin Middletown agus Gaeloideachas: www.middletownautism.com agus www.gaeloideachas.ie

## Gaeloideachas

Is eagraíocht dheonach náisiúnta í Gaeloideachas a thacaíonn le forbairt an oideachais lán-Ghaeilge. Cuireann an eagraíocht seirbhísí tacaíochta ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, mar aon le naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht. Tugann Gaeloideachas comhairle, cúnamh agus tacaíocht do dhaoine ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí, chomh maith le seirbhísí tacaíochta agus abhcóideachta dóibh siúd atá ag obair san earnáil.

Is é misean Gaeloideachas ná abhcóideacht agus tacaíocht chun go mbeidh tumoideachas ar ardchaighdeán ar fáil do gach duine. Chuige sin, tacaímid le naíonraí agus scoileanna ina gcuid oibre le bheith ionchuimsitheach agus le freastal cuí a dhéanamh ar gach páiste. I measc phríomh-ghníomhaíochtaí Gaeloideachas, áirítear:

- éascú a dhéanamh ar chumas an chórais tumoideachais freastal ar gach uile pháiste le riachtanais speisialta oideachais; agus
- feasacht a ardú ar riachtanais na bpáistí agus na scoileanna maidir le tacaíochtaí riachtanais speisialta oideachais chun críche córas fianaisebhunaithe, tacúil agus éifeachtach a bheith ar fáil do gach páiste le riachtanais speisialta oideachais.

Tá sé mar aidhm ag Gaeloideachas cur leis an méid taighde agus acmhainní atá ar fáil i réimse an uathachais chun tacú le páistí agus daoine óga uathacha barr a gcumais a bhaint amach sa naíonra agus ar scoil. Mar gheall air sin, tá comhoibriú déanta againn le heagraíochtaí saineolacha tacaíochta ar nós Ionad Uathachais Middletown chun cur le líon na n-acmhainní Gaeilge atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí na hearnála.

* Tá sé i gceist go n-úsáidfeadh múinteoirí na hacmhainní agus na cleachtais thacúla atá anseo chun tacú le gach foghlaimeoir ag gach aois agus céim, ón naíonra chuig an iar-bhunleibhéal. Bainfear úsáid as na téarmaí dalta agus scoláirí ar bhonn inmhalartaithe.

## Nóta Buíochais

Táimid an-bhuíoch den tacaíocht agus den mhaoiniú breise a thug Foras na Gaeilge do Gaeloideachas a cheadaigh dúinn dul i bpáirt le hIonad Uathachais Middletown chun an pacáiste acmhainní tacaíochta seo a chur ar fáil do mhúinteoirí naíonra agus scoile, mar aon le teaghlaigh na bpáistí agus dhaoine óga.

Tá buíochas mór ar leith ag dul leis na hoideoirí ar fad a thug aiseolas agus moltaí breise praiticiúla dúinn le háireamh anseo. Chabhraigh a gcuid saineolais, taithí agus taighde go mór linn.

Mar fhocail scoir, ba mhaith linn buíochas speisialta ó chroí a ghabháil le foireann Ionad Uathachais Middletown as a gcuid tacaíochta agus comhoibrithe ar an tionscadal uaillmhianach seo. Tá buíochas mór ag gabháil le Dee Hogan as a cuid tiomantais agus obair mhór ar an leabhrán, mar aon leis na noda uilig atá roinnte aici ann. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Dr Fiona McCaffrey chomh maith as a stiúir, díograis agus comhairle ó thús deireadh. Táimid ag súil go mór le comhoibriú leis an Ionad arís sa todhchaí.



## Middletown Centre for Autism

Bhunaigh Roinn Oideachais agus Scileanna na hÉireann agus Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann Ionad Uathachais Middletown in 2007 chun tacú le barr feabhais in oideachas páistí agus daoine óga uathacha a chur cinn.

Is í fís an Ionaid ná saol páistí agus daoine óga uathacha agus a dteaghlaigh a fheabhsú, trí shainseirbhísí oideachasúla a chur ar fáil. Is é misean an Ionaid ná tacú le barr feabhais in oideachas páistí agus daoine óga uathacha a chur cinn ar fud Thuaisceart Éireann agus na hÉireann.

Baineann Ionad Uathachais Middletown misean na heagraíochta amach trí na réimsí seirbhíse seo a leanas:

- Tacaíocht Foghlama agus Measúnú
- Traenáil
- Taighde

Is iad luachanna Ionad Uathachais Middletown ná:

- Meas
- Ionracas
- Cothroime
- Oscailteacht



# Uathachas a thuiscint

Bíonn tionchar ag uathachas ar an mbealach a bhféachann daoine ar an saol mórthimpeall orthu, agus an chaoi a n-idirghníomhaíonn siad leis. Is riocht forbartha fad saoil é a bhaineann le híogaireachtaí céadfacha, difríochtaí cumarsáide sóisialta agus spéiseanna agus iompraíochtaí dírithe. Ní bhíonn na comharthaí sóirt céanna ag gach duine uathach. Tá roinnt daoine uathacha in ann foghlaim, maireachtáil agus oibriú go neamhspleách le riachtanais theoranta tacaíochta, agus d'fhéadfadh difríochtaí foghlama nó riochtaí sláinte comhtharlaitheacha a bheith ag daoine eile agus beidh saintacaíocht ag teastáil uathu.

Cuireann an tAcadóir Uathachais, an Dr Walker an cur síos malartach seo a leanas ar fáil:

> Is feiniméan forbartha é an t-uathachas, rud a chiallaíonn go dtosaíonn sé sa bhroinn agus go mbíonn tionchar forleathan aige ar fhorbairt ar feadh an tsaoil. Táirgeann uathachas bealaí sainiúla smaointeoireachta, idirghníomhú gluaiseachta agus próiseáil chéadfach
> agus chognaíoch. Analach amháin a rinneadh ná go bhfuil córas oibriúcháin néareolaíoch difriúil ag daoine uathacha.

**Acmhainní breise**

**Tuilleadh léitheoireachta ón National Autistic Society**

**Tuilleadh léitheoireachta ó AsIAm Éireann**

## Uathachas agus dátheangachas

> Uirlis luachmhar is ea an dátheangachas a shaibhríonn agus a éascaíonn éispéiris chultúrtha, shóisialta agus saoil do dhaoine uathacha agus néaraitipiciúla araon. Go seasta, ní aimsítear sa taighde aon éifeachtaí diúltacha a bhaineann leis an dátheangachas agus leagann sé béim ar an bhféidearthacht d'éifeachtaí dearfacha thar réimsí cognaíocha agus soch-chultúrtha do pháistí uathacha agus néaraitipiciúla araon.

(Davis, Fletcher-Wilson agus Digard, 2021)

# Oideachas lán-Ghaeilge

Freastalaíonn naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge go rialta ar pháistí a bhfuil míchumais intleachtúla agus fhisiciúla orthu; deacrachtaí radhairc/éisteachta, uathachas, disléicse, agus riachtanais speisialta oideachais eile (RSO). Tá ranganna speisialta á mbronnadh ar neart scoileanna lán-Ghaeilge le freastal ar pháistí ar a bhfuil RSO. Cuirtear na tacaíochtaí céanna ar fáil do pháistí ar a bhfuil RSO i scoileanna lán-Ghaeilge agus a chuirtear in aon réamhscoil nó scoil phríomhshrutha eile.

> Ní dhéanann oideachas dátheangach do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu 'aon dochar agus is léir go gcuireann sé le fás sóisialta, mothúchánach agus idirphearsanta.

(Tuarascáil na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011)

## Oiriúnacht an oideachais lán-Ghaeilge do pháistí uathacha

Léiríonn taighde **nach ndéanann** teagmháil le dhá theanga na nithe seo a leanas do pháistí uathacha:

- Ísliú ar chumas an pháiste teanga labhartha a thuiscint nó a úsáid i gceachtar den dá theanga
- A bheith ina cúis le moilliú breise ó thaobh teanga
- Cumas cognaíoch a laghdú, nó
- Méadú a dhéanamh ar líon agus ar leibhéal na ndúshlán a bhíonn ag páistí nó daoine óga uathacha.

# Forbairt an dara teanga

## Forbairt an dátheangachais do pháistí uathacha

| Miotas | Fíric |
|---|---|
| Is féidir le teanga bhreise mearbhall a chur ar pháistí, mar sin is fearr teanga amháin a labhairt. | Tá gach páiste in ann roinnt teangacha a fhoghlaim. |
| B'fhearr do theaghlaigh gan ach mórtheanga an phobail a labhairt, fiú mura bhfuil an teanga sin ar eolas acu go maith. | Ba chóir go labhródh teaghlaigh an teanga a bhfuil siad ar a gcompord á labhairt ionas go mbíonn teagmháil shaibhir ag a bpáiste le teanga, rud a ligeann don pháiste cumarsáide a dhéanamh lena theaghlach/ phobal. |
| Cuirtear moill ar fhoghlaim agus labhairt teanga páistí óga dátheangacha i gcomparáid leo siúd nach bhfoghlaimíonn ach teanga amháin. | Ní bhíonn moilliú ó thaobh teanga ann de bharr an dátheangachais, cruthaíodh gur féidir leis an dátheangachas feabhas a chur ar chumas an pháiste focail nua a fhoghlaim, fuaimeanna a aithint, agus fadhbanna a réiteach. |
| Níor cheart do pháistí dátheangacha codanna de na teangacha a labhraíonn siad a mheascadh. | Is éard is códmhalartú ann ná úsáid teangacha éagsúla le chéile agus iad ag labhairt, m.sh., in aon abairt amháin. Is cuid nádúrtha den dátheangachas é. |
| Éiríonn páistí dátheangach trí éisteacht le daoine ag labhairt na teanga timpeall orthu. | Is próiseas gníomhach é teanga a fhoghlaim a éilíonn go leor deiseanna do pháistí a dteanga a chleachtadh. I go leor cásanna is gá stór focal na teanga a mhúineadh do pháistí agus deiseanna a bheith acu éisteacht agus freagairt agus iad i mbun cumarsáide. |



## Céimeanna Forbartha an Dara Teanga

Tá sé tábhachtach cuimhneach go bhfuil roinnt céimeanna i gceist le sealbhú an dara teanga agus go rachaidh gach páiste chun cinn trí na céimeanna seo ar luas difriúil.

Ba chóir do mhúinteoirí an leibhéal sealbhaithe dara teanga ag a bhfuil a gcuid scoláirí a aithint ionas gur féidir leo a n-úsáid teanga agus a dteagasc a dhíriú don leibhéal ceart. Ina theannta sin, cabhróidh sé leo na cleachtais thacúla is oiriúnaí a aithint dá gcuid scoláirí ar fad. Bain úsáid as an tábla ar an gcéad leathanach eile chun cabhrú leat leibhéal sealbhaithe dara teanga do scoláirí a aithint.

| Céim | Saintréithe an Scoláire | Fráma Ama | Leideanna Múinteora |
|---|---|---|---|
| **Réamhtháirgeadh** | • Íostuiscint<br>• Ní chuireann sé rudaí i bhfocail<br>• Claonann sé a cheann do "Tá" agus "Níl".<br>• Tarraingíonn sé agus díríonn sé a mhéar. | 0–6 mhí | • Taispeáin dom …<br>• Cuir ciorcal timpeall ar an …<br>• Cá bhfuil … ?<br>• Cé aige a bhfuil … ? |
| **Táirgeadh Luath** | • Tá tuiscint theoranta aige.<br>• Tugann sé freagraí ina mbíonn focal nó dhó.<br>• Úsáideann sé eochairfhocail agus frásaí coitianta.<br>• Úsáideann sé briathra san aimsir láithreach. | 6 mhí–1 bhliain | • Ceisteanna 'Tá/Níl'<br>• Ceisteanna 'X nó Y'<br>• Cé … ?<br>• Cad … ?<br>• Cé mhéad … ? |
| **Teacht Chun Cinn na Cainte** | • Tá tuiscint mhaith aige.<br>• Is féidir leis abairtí simplí a tháirgeadh.<br>• Déanann sé earráidí gramadaí agus foghraíochta.<br>• Is minic nach dtuigeann sé scéalta grinn. | 1–3 bliana | • Cén fáth … ?<br>• Conas … ?<br>• Mínigh …<br>• Ceisteanna a éilíonn freagraí frásaí nó abairtí gearra |
| **Líofacht Idirmheánach** | • Tá tuiscint den scoth aige.<br>• Is beag earráid ghramadaí a dhéanann sé. | 3-5 bliana | • Cad a tharlódh dá … ?<br>• Cén fáth a gceapann tú … ?<br>• Ceisteanna a éilíonn níos mó ná freagra abairte |
| **Ardlíofacht** | • Tá cumas cainteoir dúchais nó geall leis ag an scoláire. | 5-7 mbliana | • Déan cinneadh an bhfuil…<br>• Athinis |

(Hill & Bjork, 2008)

## Ceistiúchán

Seo roinnt samplaí praiticiúla den bhealach gur féidir ceisteanna cuí a chur ar scoláirí bunaithe ar a leibhéal sealbhaithe dara teanga lena gcuid tuisceana nó eolais a mheas. Féach na samplaí thíos (bunaithe ar *Cinnín Óir agus na Trí Bhéar*) do gach céim de shealbhú an dara teanga. Is cur chuige céimnithe é seo maidir le ceistiúchán.

- **Réamhtháirgeadh:** Cuir ceisteanna is féidir leis na scoláirí a fhreagairt trína méar a dhíriú ar phictiúir sa leabhar ("Taispeáin Mamaí Béar dom", "Cá bhfuil an teach?").
- **Táirgeadh Luath:** Cuir ceisteanna is féidir leis na scoláirí a fhreagairt le focal nó dhó ("Cé a d'ith leite Daidí Béar?", "Cé a bhris an chathaoir?").
- **Teacht Chun Cinn na Cainte:** Cuir ceisteanna "cén fáth" agus "conas" a d'fhéadfadh scoláirí a fhreagairt le habairtí gearra ("Cén fáth a ndeachaigh Cinnín Óir a chodladh?" "Conas a mhothaigh na trí bhéar nuair a tháinig siad abhaile?").
- **Líofacht Idirmheánach:** Fiafraigh ceisteanna "Cad a tharlódh dá ..." agus "Cén fáth a gceapann tú ..." ("Cad a tharlódh dá mbrisfeadh Cinnín Óir na cathaoireacha go léir?").
- **Ardlíofacht:** Iarr ar na scoláirí an scéal a athinsint, príomhghnéithe an phlota san áireamh ach sonraí nach bhfuil gá leo a fhágáil amach.

## Scoláirí a spreagadh chun an dara teanga a labhairt

- Cruthaigh fáthanna do na scoláirí chun an Ghaeilge a úsáid (m.sh., rud éigin a iarraidh).
- Múin teanga do leasanna an scoláire (spéiseanna teoranta, féach ar an leabhar *Just Give Him the Whale!* le Paula Kluth agus Patrick Schwarz le haghaidh tuilleadh eolais)
- Bain úsáid as gníomhaíochtaí súgradhbhunaithe chun teanga a mhúineadh (m.sh., Aistear nó cluichí a imirt)
- Léirigh úsáid cheart na Gaeilge.
- Úsáid scileanna saoil chun úsáid teanga a spreagadh, m.sh., Maidin Mhaith a rá.



# Príomhthréithe: Scileanna Cumarsáide

Is gné choitianta den uathachas iad difríochtaí sa chumarsáid. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc na ndifríochtaí comónta:

- Is féidir le comhaird, aird agus am próiseála tionchar a bheith acu ar thuiscint ghlacach
- Difríochtaí in úsáid agus i dtuiscint na cumarsáide neamhbhriathartha m.sh., teagmháil súl, comharthaíocht choirp, gaireacht, gothaí, tuin chainte

Bíonn dhá thaobh ag gach cumarsáid! Fuarthas amach ó thaighde go bhféadfadh sé a bheith deacair ag daoine uathacha agus néaraitipiciúla a chéile a 'léamh', a rúin a thuiscint agus faisnéis a roinnt. Tugtar Fadhb na hIonbhá Dúbailte air seo. Tá físeán den acadóir uathachais, an Dr Damian Milton, ag míniú Ionbhá Dhúbailte anseo.

Tá raon leathan de dhifríochtaí féideartha sa chumarsáid agus cuirfear isteach ar gach dalta ar bhealach uathúil. D'fhéadfadh go mbeadh níos lú suime ag roinnt daltaí uathacha, nó ní bheidh an cumas céanna acu idirghníomhú go sóisialta lena bpáirtithe ranga. D'fhéadfadh páistí eile a bheith an-sóisialta ach d'fhéadfadh imní shóisialta a bheith orthu go fóill uaireanta nó d'fhéadfadh míthuiscint a bheith acu ar bhealaí áirithe chun idirghníomhú a dhéanamh m.sh., searbhas.

Seo thíos roinnt straitéisí a d'fhéadfadh tacú leis na daltaí uathacha i do rang. Tá sé tábhachtach a chur san áireamh go mbíonn gach páiste difriúil agus nach mbíonn an chaint i gcónaí ina tháscaire maith cumarsáide. Mar sin, tóg am le scileanna, láidreachtaí agus dúshláin aonair a mheas. Bíodh a fhios agat freisin go bhféadfadh deacrachtaí cumarsáide a bheith ag dalta imníoch nó ró-spreagtha.

## Tacaíochtaí amharc-chumarsáide do scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge

Tá leideanna agus noda amhairc tábhachtach i scoileanna lán-Ghaeilge mar is féidir leo an próiseas foghlama a dhéanamh níos inrochtana dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí teanga agus cumarsáide acu. Is féidir leo freisin an curaclam a dhéanamh níos inrochtana ach na héilimh theanga a chuirtear ar an scoláire a laghdú. Féadann sé seo a n-imní a laghdú agus timpeallacht shaibhir teanga a sholáthar a chuideoidh le foghlaim neamhspleách a fhorbairt. Tá ceithre leibhéal oibre ann:

1. Réad – anseo bíonn scoláirí ag brath ar réada réadúla chun cumarsáid a dhéanamh.
2. Pictiúr amháin – bíonn scoláirí ag brath ar phictiúir a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh.
3. Pictiúr agus focail – is féidir le scoláirí cumarsáid a dhéanamh le pictiúir agus focail.
4. Focail – is féidir le scoláirí cumarsáid a dhéanamh le focail/abairtí.

## Samhaltú agus úsáid teanga

Tá sé tábhachtach a léiriú dár scoláirí an chaoi a n-úsáidimid an Ghaeilge i gceart. Mar shampla, tá sé tábhachtach léiriú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirimid le chéile abairtí atá ceart ó thaobh na gramadaí, ar an gcaoi a n-úsáidimid stór focal a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith, nó ar an gcaoi a gcuirfimid le chéile freagraí sóisialta cuí ar chomhrá.

## Cleachtais thacúla chun úsáid na Gaeilge a léiriú

1. Tá sé tábhachtach eochairstór focal a mhúineadh sula dtabharfar faoi choincheap/ceacht nua ar scoil.
2. Léirigh conas an stór focal seo a úsáid go cuí le linn an cheachta.
3. Úsáid tosaitheoirí abairte, frámaí cainte, agus focail chomhartha mar shampla chun cabhrú le scoláirí teanga a úsáid i gceart.
4. Tabhair deis do na scoláirí oibriú ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí chun an teanga a mhúintear a chloisteáil agus a úsáid.
5. Ceadaigh 'am feithimh' breise go ndéanfadh an scoláire próiseáil ar an méid a fiafraíodh de i nGaeilge sula lorgaíonn siad freagra ar cheist. Tabharfaidh sé seo níos mó ama dóibh na treoracha nó an cheist a chuirtear orthu a phróiseáil. Is fearr 5-10 soicind sa bhreis a thabhairt do na scoláirí chun é seo a dhéanamh, agus ba chóir don mhúinteoir an chaint a sheachaint le linn na tréimhse ama seo.
6. Bain úsáid as teanga shoiléir bheacht agus tú ag tabhairt treoracha.
7. Úsáid treoracha simplí gearra. Is féidir leat tacú leo seo le hábhair amhairc más gá.
8. Múin agus bain úsáid as gnáthaimh an-soiléire laistigh den seomra ranga.

## Stór focal nua agus príomhchoincheapa a mhúineadh

Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeifear in ann rochtain a fháil ar an gcuraclam atá á theagasc le go bhféadfaidh scoláirí dul chun cinn acadúil a dhéanamh. Nuair a bhíonn stór focal níos fairsinge ag scoláirí, bíonn sé níos éasca dóibh a bhfuil ag tarlú sa seomra ranga a thuiscint (ó bhéal/scríbhneoireacht) agus bíonn sé níos éasca orthu iad féin a chur in iúl (ó bhéal/ scríbhneoireacht).

Ní mór dúinn ár gcuid scoláirí a nochtadh do stór focal nua suas le 28 babhta i ngníomhaíochtaí bríocha chun cabhrú leo líofacht a fhorbairt.  Tá an líofacht tábhachtach mar d'fhéadfadh go n-eascródh níos mó neamhspleáchais agus muiníne aisti don scoláire.

## Cleachtais thacúla chun stór focal nua a fhorbairt

- Déan stór focal a réamhtheagasc sula dtosaíonn tú ar choincheap nua. Ní féidir leat glacadh leis go dtabharfaidh do scoláirí an stór focal nua leo, is gá é a theagasc go follasach.
- Úsáid matái focal le híomhánna agus stór focal á mhúineadh.
- Déan stór focal nua a léiriú agus déan athrá air, agus léirigh don rang conas é a úsáid sa chomhthéacs ceart.
- Úsáid grúpaí comhfhoghlama chun ligean do scoláirí stór focal nua a úsáid agus a chloisteáil.
- Scafláil an fhoghlaim.
- Páirtithe Cainte
- Frámaí cainte

## Ceol a úsáid chun stór focal agus scileanna teanga a fhorbairt

Is féidir le ceol a bheith ina uirlis iontach chun páistí a spreagadh le teanga a úsáid ar bhealach spraíúil cruthaitheach. Soláthraíonn an tasc-chárta seo samplaí den chaoi ar féidir ceol a fhiosrú chun léirthuiscint ar rithim agus ar fhuaimeanna teanga a fhorbairt. Foghlaimíonn páistí stór focal tábhachtach ó bhéal ach deiseanna le haghaidh aithrise a bheith acu trí scéalta, amhráin, súgradh agus nósmhaireachtaí laethúla (CTB, 2019, lch. 35).

### Acmhainní breise

**Ag Úsáid Ceol chun Toradh Foghlama 10 a Fhorbairt: Teanga a Úsáid go Spraíúil agus go Cruthaitheach**

**Tá seinnliosta YouTube d'amhráin agus rainn Ghaeilge do pháistí óga ag Gaeloideachas anseo**



# Páistí nach labhraíonn agus páistí a bhfuil cumas labhartha teoranta acu

Seo roinnt acmhainní a bhféadfaí a úsáid chun an chumarsáid a chur chun cinn le páistí nach labhraíonn nó páistí ar bheagán cainte.

- **Lámh – Teanga Chomharthaíochta don Uathachas:** fágann gné amhairc na teanga comharthaíochta go mbíonn sé níos éasca ag daoine uathacha í a thuiscint.
- **Tráidirí foghlama Montessori:** úsáid iad seo chun dathanna agus stór focal nua a mhúineadh agus chun scileanna mínluaileacha a thógáil ar bhealach spraíúil céadfach.
- **Leabhair Eispéiris:** Is uirlis úsáideach é Leabhar Eispéiris a chuidíonn le scileanna cumarsáide agus teanga a fhorbairt. Is leabhar pictiúr é a thaispeánann eispéireas a bhí ag do pháiste. Is féidir é a úsáid chun a mhúineadh do pháistí uathacha conas teanga a úsáid agus í a chur in iúl. Léiríonn gach grianghraf sa leabhar buaicphointe den eispéireas agus le chéile insíonn siad scéal an eispéiris iomláin.

### Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní

**Leideanna is fearr don Chumarsáid**
**Fardal Atreisithe**
**Bord na gCeisteanna**
**Bord Cumarsáide**
**Roth Sealaíochta**
**Boird Rogha TOBI**
**Ag tacú leis an gCumarsáid**
**Ag Iarraidh Spraoi le Daoine Eile**
**Tuilleadh eolais ar Ionbhá Dhúbailte**

## Tacaíochtaí sóisialta i scoileanna lán-Ghaeilge

Tá sé tábhachtach do scoileanna agus do mhúinteoirí na tacaíochtaí sóisialta agus mothúchánacha a theastaíonn ó scoláirí a shainaithint. Seo roinnt cleachtas tacúil a d'fhéadfadh cabhrú:

1. Tabhair córas meantóireachta isteach; tá sé seo thar a bheith tábhachtach, go háirithe do scoláirí nua atá ag aistriú isteach sa scoil.
2. Aithníodh teiripe Lego (LeGoff et al., 2014) mar idirghabháil ar bhonn fianaise is féidir a chur i bhfeidhm i dteanga ar bith, idirghabháil ina gcuirtear sealaíocht, réiteach fadhbanna agus leanúint treoracha/rialacha chun cinn.
3. Agus iad ag obair i ngrúpaí sa seomra ranga is smaoineamh maith é ról a thabhairt do gach scoláire sa ghrúpa ionas gur féidir le gach duine a bheith páirteach, m.sh., scríobhaí, glacadóir nótaí, maor ama, srl. Mar mhúinteoir, tá sé tábhachtach go ndéanfá eiseamláiriú ar na róil seo do gach scoláire sula dtosaíonn siad ar a n-obair neamhspleách.
4. Is féidir le tionscnaimh ranga uile nó foghlaim bunaithe ar thionscadail a bheith ina ngníomhaíochtaí maithe a spreagann scoláirí chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí grúpa.

## 10 rud ar mian le dalta uathach a bheith ar eolas agat

Bíonn sé deacair ar chuid mhaith daltaí uathacha eolas agus mothúcháin a chur in iúl, go háirithe nuair a mhothaíonn siad trína chéile i dtimpeallacht seomra ranga atá gnóthach. Ligfidh an acmhainn shimplí seo thíos dóibh rudaí a scríobh nó a tharraingt ar mhaith leo a insint dá múinteoir. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo rudaí a chuireann imní orthu, rudaí a bhíonn deacair acu, rudaí a bhfuil siad go maith acu nó rudaí a chuidíonn leo ar scoil. Osclaítear cumarsáid leis seo, agus is féidir leis cabhrú leis an múinteoir an freastal is fearr a dhéanamh ar riachtanais an dalta.

### Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní

**Dá mbeadh a fhios ag mo mhúinteoir**
**10 Rud ar mian le Dalta Uathach a bheith ar Eolas Agat**

# Príomhthréithe: Spéiseanna Athchleachtacha Teorantacha

Is féidir le dianspéiseanna agus iompraíocht athchleachtach a bheith ina bhfoinse thaitnimh do dhaoine uathacha agus mar bhealach chun déileáil leis an ngnáthshaol. Is minic a tharlaíonn iompraíochtaí athchleachtacha nuair a bhíonn mothúchán an-láidir á mhothú ag duine, m.sh., imní nó áthas.

Is minic gur slí iontach iad spéiseanna dírithe chun cairde a aimsiú agus gnáthaimh a choinneáil ach, i gcás roinnt daoine, d'fhéadfaidís a bheith dúghafach. Chuirfeadh sé seo srian le rannpháirtíocht an duine i ngníomhaíochtaí eile agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le ciapadh agus imní.

**Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní**

**Leideanna is fearr maidir le spéiseanna athchleachtacha teorantacha**

**Tuilleadh faisnéise faoi spéiseanna teorantacha**

# Príomhthréithe: Monatrópacht

## Monatrópacht: an teoiric atá taobh thiar den chleachtas a thuiscint

Is teoiric í an mhonatrópacht faoin gcaoi a ndíríonn daoine uathacha a n-aird. Cé go ndíríonn daoine néaraitipiciúla ar go leor rudaí ag an am céanna, tugann an teoiric seo le tuiscint gur mó an seans go dtabharfaidh daoine uathacha a n-aird ar fad ar líon níos lú rudaí. Ligeann sé seo do dhaoine uathacha díriú go dian ar rudaí a tharraingíonn a n-aird. Má tá imní ar scoláire uathach, b'fhéidir gur mó an seans go ndíreoidh siad go dian ar rud éigin a bhfuil spéis acu ann chun na rudaí ina dtimpeallacht a chuireann imní orthu a ghearradh amach. Toisc gur féidir le fócas scoláirí uathacha a bheith chomh dian sin, féadann sé a bheith níos deacra dóibh aistriú chuig tasc nua ag an luas céanna lena gcomhpháirtithe ranga néaraitipiciúla.

**Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní**

**Spéiseanna dírithe a úsáid chun cuimsiú a chruthú**

**Tuilleadh faoin monatrópacht**

# Príomhthréithe: Deacrachtaí Céadfacha

Bíonn difríochtaí céadfacha ag daoine uathacha de ghnáth. Má tá tú uathach, b'fhéidir go mbeadh freagairt an-ard (hipiríogaireacht) nó freagairt an-íseal (hipi-íogaireacht) ar eolas céadfach. D'fhéadfadh go leor daoine uathacha a bheith ina meascán den dá cheann trasna a gcuid céadfaí. D'fhéadfadh go mbeadh freagairt an-mhór ag go leor daoine uathacha ar radhairc, fuaimeanna, bolaithe nó uigeacht ar leith. Is féidir leis seo a bheith ina rud dearfach ach is féidir leis ciapadh agus fíor-mhíchompord a chruthú.

**Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní**

**Leideanna is fearr do Phróiseáil Céadfaí**

**Acmhainn Chéadfach Middletown**

**Spásanna Céadfacha i Scoileanna (CNOS)**

**Comhairle do Thimpeallacht an tSeomra Ranga**

**Tuilleadh Acmhainní Céadfacha**

# Láidreachtaí agus scileanna

Bíonn sraith uathúil scileanna, láidreachtaí agus buanna ag gach dalta. Agus tú ag obair le daltaí uathacha tá sé thar a bheith tábhachtach láidreachtaí an dalta a aithint. Beidh sé seo ríthábhachtach chun tacú leo a bheith rannpháirteach, nithe a fhoghlaim agus idirghníomhú a dhéanamh ar bhealach a mothaíonn siad ar a gcompord. Beidh roinnt daltaí uathacha an-spreagtha ag a scileanna agus a spéiseanna ar leith agus má thacaítear leo mar is cuí, méadóidh sé spreagadh agus rathúlacht san fhoghlaim.

Tá an oiread sin láidreachtaí agus scileanna ag daltaí uathacha, níl anseo ach roinnt díobh.

Tá láidreachtaí agus dúshláin do dhaltaí agus do scoláirí uathacha atá aitheanta ag an Acadóir agus Oideoir Uathachais, an Dr Stephen Shore, leagtha amach ar an tábla thíos.

| Láidreachtaí | Dúshláin |
|---|---|
| An-chúram a dhéanamh de na mionsonraí | Tuiscint a fháil ar an mórphictiúr |
| Go minic ard-oilte i réimse ar leith | Sraith scileanna atá míchothrom |
| Staidéar domhain a mbíonn eolas as cuimse ar réimse spéise mar thoradh air | Deacracht spreagadh a fhorbairt chun staidéar a dhéanamh ar réimsí nach spéis leo |
| Claonadh a bheith loighciúil (cabhrach i gcinnteoireacht a bhféadfadh mothúcháin cur isteach uirthi) | Deacracht staid mhothúchánach daoine eile a aithint |
| Níl siad róbhuartha maidir le cad a cheapann daoine eile fúthu (is féidir leis seo a bheith ina láidreacht agus ina dhúshlán). | Rialacha neamhscríofa na an idirghníomhaithe shóisialta a bhrath. Ach is féidir na rialacha seo a fhoghlaim trí theagasc díreach agus trí insintí sóisialta mar Chártaí Cumhachta |
| Tugtar smaointeoireacht neamhspleách air chomh maith. Is minic a eascraíonn léargais “mórphictiúr” úrnua as mar gheall ar bhealaí éagsúla chun breathnú ar rudaí, smaointe, agus coincheapa. | Deacrachtaí próiseáil a dhéanamh ar mhódúlachtaí nach mbíonn ar na cinn is fearr leo amhail cluasmhódúlacht nó módúlacht chinéistéiseach |
| Is próiseálaithe amhairc iad de ghnáth (ag smaoineamh i bhfoirm pictiúr nó físeán) | Deacrachtaí miondealú a dhéanamh agus achoimre a dhéanamh ar eolas tábhachtach le haghaidh comhrá |
| Go minic an-bhriathartha (D’fhéadfadh claonadh tuairiscí mionsonraithe a bheith úsáideach chun treoracha a thabhairt do dhaoine atá caillte) | Fadhbanna imeasctha céadfacha ina bhféadfadh ionchur clárú go míchothrom, a bheith curtha as a riocht, agus deacracht a bheith ann torann cúlra a scagadh amach |
| Cumarsáid dhíreach | Macántacht |
| Dílseacht | Ginearálú scileanna agus coincheap |
| Macántacht | Deacracht comhbhá a chur in iúl ar bhealaí a dtuigfeadh daoine eile nó a mbeidís ag siúl leo |
| Éisteacht neamhbhreithiúnach | Feidhmiú feidhmiúcháin a mbíonn deacrachtaí maidir le tascanna fadtéarmacha a phleanáil mar thoradh air |

# Pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim: Seicliosta don tumoideachas

Mar mhúinteoir i scoil tumoideachais, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a múinimid ár scoláirí agus a gcruthaímid timpeallacht dhearfach foghlama. Is uirlis iontach é an seicliosta tumoideachais seo chun cabhrú linn ár gcleachtais sa seomra ranga a mheas agus chun ligean dúinn na réimsí ina bhféadfaimis ár gcleachtais a fhorbairt a aithint. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach maidir lena chinntiú go gcabhraíonn an timpeallacht foghlama scileanna teanga agus cumarsáide a fhorbairt do scoláirí uathacha. Cliceáil ar na naisc thíos chun tuilleadh eolais a fháil.

**Seicliosta don tumoideachas**

**Seicliosta breathnóireachta don tumoideachas (2014) ón Dr Tara W. Fortune**

**Seicliosta breathnóireachta don tumoideachas (2000)**

# Tacaíochtaí: An Timpeallacht Foghlama

Baintear úsáid as struchtúr fisiciúil agus as tacaí amhairc i dtimpeallachtaí laethúla agus cabhraíonn siad le daoine a bheith ar an eolas faoina bhfuiltear ag súil leis. Tugann siad brí don timpeallacht agus cabhraíonn siad chun é a dhéanamh níos intuartha. Cuidíonn sé freisin le spreagthacht chéadfach dhearfach a choinneáil agus cabhraíonn sé leis an duine a n-iompraíocht a eagrú i gcomhthéacs sainiúil. Tá sé seo tairbheach do gach dalta, go háirithe do dhaltaí uathacha ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag streachailt le comhthéacs a fháil óna dtimpeallacht shóisialta nó a bhféadfadh go mbeadh an t-eispéireas céadfach ar sheomra ranga gnóthach iomarcach dóibh.

**Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní**

**Leideanna is fearr don Timpeallacht Foghlama**

**Acmhainní maidir le Timpeallacht Thacúil a Fhorbairt**

**Acmhainní don Oideachas Forbartha**

**Leabhrán – Ag dul ar Scoil**

**Aipeanna & Teicneolaíocht Cumarsáide Scoile**

**Loga Cumarsáide Baile agus Scoile**

# Tacaíochtaí: Feidhmiú Feidhmiúcháin

Bíonn go leor daltaí uathacha ag streachailt le feidhmiú feidhmiúcháin. Is iad seo na próisis mheabhracha a chabhraíonn linn ár n-aird a dhíriú, cuimhneamh ar threoracha agus céimeanna taisc a phleanáil. Is féidir le sceidil agus tacaíochtaí amhairc a bheith cabhrach chun sainghníomhaíochtaí a bhriseadh síos agus a stiúradh de réir mar a bhíonn siad ag tarlú. Laghdaíonn siad imní freisin ach cuidiú le daltaí a ngníomhaíochtaí laethúla a eagrú, a thuiscint agus a réamh-mheas. Ina measc:

- Pleanáil
- Réiteach fadhbanna
- Roghanna agus cinntí a dhéanamh
- Bainistíocht ama
- Eagrú eolais
- Scileanna foghlamtha a chur i bhfeidhm

**Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní**

**Tacaíochtaí le Feidhmiú Feidhmiúcháin**

**Tacaíocht le hObair Bhaile**

**Pléann Amythest Schaber Feidhmiú Feidhmiúcháin**

# Tacaíochtaí: Teagasc Struchtúrtha

Is féidir le timpeallachtaí agus seomraí ranga struchtúrtha tuiscint shoiléir a chur chun cinn ar na sceidil, na gníomhaíochtaí agus na hionchais do dhaltaí uathacha agus a gcuid múinteoirí.

Is cur chuige amharcbhunaithe é teagasc struchtúrtha chun timpeallachtaí ard-struchtúrtha a chruthú a thacaíonn le daltaí uathacha i suíomhanna éagsúla oideachais, pobail, baile nó maireachtála. Cothaíonn sé neamhspleáchas ach úsáid a bhaint as cleachtais thacúla a thagann le láidreachtaí agus riachtanais daltaí uathacha mar go n-ionchorpraíonn sé teorainneacha fisiceacha agus amhairc, sceidil amhairc, gnáthaimh, córais oibre, agus eagrú tascanna.

**Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní**

- Struchtúr Fisiceach
- Sceidil (obair bhaile)
- Ullmhúchán seomra ranga
- Amchláir / sceidil
- Smaointeoireacht sholúbtha
- Forbairt Scileanna – Bord Leadráin
- Tuilleadh smaointe le triail a bhaint astu



# An fhoghlaim a nascadh le réamheolas

Is fearr i gcónaí iarracht a dhéanamh an fhoghlaim nua a nascadh le réamhfhoghlaim an scoláire más féidir. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach do scoláirí atá ag foghlaim trí Ghaeilge mar dhara teanga. Is smaoineamh maith i gcónaí é a gcuid foghlama nua a nascadh le coincheapa a bhféadfaí tar éis taithí a fháil orthu ina gcéad teanga más féidir.

Tá sé seo thar a bheith tábhachtach do scoláirí uathacha mar go bhféadfadh sé a bheith deacair dóibh a gcuid foghlama a ghinearálú agus í a aistriú chuig coincheapa/comhthéacsanna eile. D'fhéadfadh sé cur lena scileanna teanga dá ndéanfaí na coincheapa céanna a chlúdach i nGaeilge agus i mBéarla araon.

## Focail Ghaolmhara

Is focail iad focail ghaolmhara a bhfuil brí, litriú agus fuaimniú i ndá theanga atá cosúil lena chéile, cat sa Ghaeilge agus sa Bhéarla mar shampla. Is féidir focail ghaolmhara a úsáid i réimsí ábhair amhail matamaitic, eolaíocht agus stair. Fuair taighdeoirí a dhéanann staidéar ar shealbhú na chéad teanga agus an dara teanga amach go mbaineann scoláirí an-tairbhe as focail ghaolmhara a fhoghlaim. Is féidir le páistí focail ghaolmhara a fhoghlaim agus iad a úsáid ag aois ar bith, chomh luath agus an naíonra fiú. De réir mar a théann na scoláirí ar aghaidh tríd an gcóras scolaíochta, is féidir leo dul i ngleic le focail níos sofaisticiúla, agus focail a bhfuil bríonna éagsúla acu sa dá theanga. Tá roinnt straitéisí éagsúla ann is féidir le múinteoirí a úsáid chun cabhrú le scoláirí focail ghaolmhara a aithint agus a fhoghlaim, mar shampla, léamh os ard, sórtáil focal, difríochtaí a aimsiú, agus focail ghaolmhara bhréagacha. Tá go leor taighde déanta ar na buntáistí a bhaineann le húsáid focail ghaolmhara chun stór focal agus teanga a mhúineadh do scoláirí atá ag foghlaim an dara teanga.

Seo roinnt acmhainní úsáideacha chun cabhrú leat tuilleadh eolais a fháil faoi úsáid a bhaint as focail ghaolmhara sa seomra ranga:

Reading Rockets

Focail ghaolmhara a úsáid chun scileanna tuisceana a fhorbairt

Féach freisin na hacmhainní atá ar fáil ó Breacadh/ Mar a Déarfá! www.breacadh.ie

## Acmhainní ó Mar a Déarfá!

Mar a Déarfá! www.maradearfa.ie

Is clár céimnithe fónaice/litearthachta é *Mar a Déarfá!* chun líofacht léitheoireachta agus cruinneas scríofa agus litrithe a mhúineadh don chainteoir dúchais Gaeilge.

**Na Focla Dána**
Liostaí de na 'focla dána' ag gach céim den chlár *Mar a Déarfá!*

.i. na focail ardmhinicíochta nach leanann na cóid litrithe (graiféimí) atá múinte go dáta. Moltar na focail seo a chur de ghlanmheabhair i gcóras *Mar a Déarfá!* – nó ar a laghad aon choda de na focla nach leanann na cóid atá múinte go dáta.

www.maradearfa.ie/scoileanna/connacht-scoileanna/ceim-1/na-focla-mistuama (Gaeilge Chonnacht)

www.maradearfa.ie/scoileanna/mumhan-scoileanna/na-focail-chiotrunta (Gaeilge na Mumhan)

www.maradearfa.ie/scoileanna/uladh-scoileanna/na-focla-ciotacha-ardmhiniciochta (Gaeilge Uladh)

**An Córlán**
Tá 5 Chéim sa chlár litearthachta Mar a Déarfá!, ina múintear c.220 graiféim, ceann ar cheann. Tá liosta focal samplach ar fáil do gach cód litrithe (graiféim) a mhúintear sa chóras ag na naisc thíos:

www.maradearfa.ie/scoileanna/connacht-scoileanna/an-coras/an-corlan-muinteoir (Gaeilge Chonnacht)

www.maradearfa.ie/scoileanna/mumhan-scoileanna/an-corlan-muinteoir-mumhan (Gaeilge na Mumhan)

www.maradearfa.ie/scoileanna/uladh-scoileanna/an-corlan-muinteoir-uladh (Gaeilge Uladh)

## Closleabhair agus acmhainní scéalaíochta

Tá sé tábhachtach an oiread taithí ardchaighdeáin ar an nGaeilge agus is féidir a chur ar fáil do na scoláirí. Is acmhainn sholúbtha iad closleabhair is féidir a úsáid i raon leathan topaicí. Baineann go leor buntáistí le húsáid closleabhar:

- Stór focal agus inniúlacht Ghaeilge a fhorbairt
- Aithint amhairc a fheabhsú
- Tuiscint ar an nGaeilge a fhorbairt, agus
- Tuin agus luas léitheora a fhorbairt.

## Acmhainní breise

**An Gúm**
**COGG**
**Cois Life**
**Cork Irish**
**Foras na Gaeilge**
**Gaeilge.ie**
**Glór na nGael (Seinnliosta YouTube de scéalta á léamh os ard)**
**Padlet le Máire Nic an Rí (podchraoltaí de scéalta)**
**Padlet le Máire Nic an Rí (scéalta le físeáin)**
**Raidió na Life**
**We are Irish**

## D'acmhainní fuaime féin a chruthú

1. Roghnaigh sliocht léitheoireachta agus déan taifead fuaime den léitheoireacht atá beagán os cionn leibhéal léitheoireachta neamhspleách na scoláirí.
2. Iarr ar na scoláirí éisteacht leis an taifeadadh agus iad ag leanúint cóip phriontáilte den sliocht.
3. Iarr ar na scoláirí léamh os ard leis an taifeadadh fuaime.
4. Iarr ar na scoláirí an sliocht a léamh gan an taifeadadh fuaime.
5. Iarr ar na daltaí an taifeadadh a léamh agus a athléamh go dtí go mothaíonn siad ar a gcompord ag léamh an téacs gan chúnamh.



## Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim

Is bunphrionsabal é Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) a thugann comhdheiseanna foghlama do chách, lena n-áirítear scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tá sé mar aidhm ag UDL eispéireas oideachais gach scoláire a fheabhsú trí mhodhanna teagaisc, measúnaithe agus soláthair níos solúbtha a thabhairt isteach chun freastal ar stíleanna foghlama éagsúla. Is féidir le creat UDL bacainní ar fhoghlaim a laghdú agus deiseanna foghlama a uasmhéadú do gach foghlaimeoir. I go leor cásanna, faigheann oideachasóirí amach go bhfuil gnéithe áirithe de na treoirlínte seo á gcur i bhfeidhm acu ina gcleachtas cheana féin; d'fhéadfadh bacainní a bheith ann fós, áfach.

Seo chugaibh físeán a mhíníonn cad is UDL ann.

Tá taifead de cheardlann ar Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim san oideachas lán-Ghaeilge leis an Dr Claire M. Dunne agus an Dr Sylvaine Ní Aogáin ag Comhdháil Bláthú 2022 le feiceáil anseo: www.youtu.be/NkXntgcpMh4

## Gníomhaíochtaí léitheoireachta agus scríbhneoireachta a scafláil

- Ceangail topaicí nua le réamheolas más féidir.
- Is féidir le frámaí labhartha cabhrú leat an freagra a bhfuil tú ag súil leis ó do scoláirí a léiriú agus tacú leo agus an freagra riachtanach á sholáthar.
- Moltar Teagasc Cómhalartach mar chur chuige tuisceana dóibh siúd atá ag foghlaim trí mheán an dara teanga.
- Cabhraíonn Gníomhaíochtaí Faoi Threoir a Bhaineann le Téacsanna (DARTS) rogha eile a sholáthar do cheisteanna traidisiúnta tuisceana mar bhealach chun tuiscint a mheas agus a spreagadh.
- Úsáid cur chuige scafláilte maidir le teagasc na scríbhneoireachta.
- Smaoinigh ar úsáid a bhaint as frámaí scríbhneoireachta chun struchtúr a chur ar an scríbhneoireacht.



# Teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide don ionchuimsiú

Tá go leor buntáistí ag baint le húsáid teicneolaíochta faiséise agus cumarsáide (TFC) sa seomra ranga chun foghlaim chuimsitheach a chur chun cinn.

**Buntáistí TFC**

- Cabhraíonn TFC le scoláirí cumarsáid a dhéanamh (m.sh., scoláirí a bhfuil cumas labhartha teoranta acu)
- Sceidil amhairc a úsáid chun struchtúr a sholáthar don lá (scileanna féinchúraim/saoil) agus chun cabhrú leo a gcuid oibre scoile a chríochnú.
- Méadaítear spreagadh na scoláirí ach úsáid a bhaint as TFC mar dhuais as tasc a chur i gcrích nó as iompar dearfach a léiriú.
- Físeán/comhad fuaime a úsáid chun scileanna nua a mhúineadh nó chun ligean do scoláirí a gcuid foghlama a léiriú.
- Scileanna eagrúcháin méadaithe ach úsáid a bhaint as an bhféilire, an t-amadóir, meabhrúcháin a shocrú, leideanna amhairc den struchtúr atá ag teastáil a thaispeáint, nó liostaí a chruthú mar shampla.

## Acmhainní teicneolaíochta faiséise agus cumarsáide

**Aipeanna as Béarla**

Ar dheis, tá sampla iontach de na haipeanna atá ar fáil as Béarla chun cabhrú le scoláirí tuiscint ar an gcuraclam a fháil. Is féidir leo seo a chur ar chumas na scoláirí a gcuid foghlama a léiriú ar bhealaí eile seachas obair scríofa.

*(CALL Scotland)*
*www.callscotland.org.uk/downloads/posters-and-leaflets/*
*Féach freisin: www.pdst.ie/DistanceLearning/DigTech*

**Aipeanna as Gaeilge**

- Aipeanna ó Údar.ie www.siopaudar.ie/product-category/aipeanna/
- Cód na Gaeilge www.play.google.com/store/apps/details?id=uk.org.ccea.codnagaeilge
- Cúla 4 www.apps.apple.com/ie/app/c%C3%BAla4/id1150433421
- Foclach: www.foclach.com/
- Foclóir.ie www.play.google.com/store/apps/details?id=fr.idm.fng.neid
- Séideán Sí www.play.google.com/store/apps/details?id=ie.seideansi.rang3_6&pcampaignid=web_share
- Teanglann.ie www.teanglann.ie/ga/_aip
- TG4 www.apps.apple.com/us/developer/tg4/id598591027
- Tuairisc.ie www.play.google.com/store/apps/details?id=com.tuairisc.app

**Suíomhanna gréasáin úsáideacha eile**


Seo cúpla suíomh eile atá ar fáil i nGaeilge a bhféadfadh a bheith suimiúil do scoláirí ag brath ar a gcuid sainspéiseanna féin.

Cód.org: www.code.org

Microsoft DreamSpace TV: An Tairseach

Minecraft: www.minecraft.net/ga-us

Scratch: www.scratch.mit.edu/



# Measúnú

Ba chóir go mbeadh measúnú suimitheach agus foirmitheach i scoileanna. Ní sholáthraíonn trialacha caighdeánaithe ach léargas beag ar chumas scoláire ag nóiméad ama faoi leith. Is minic a bhíonn trialacha caighdeánaithe dorochtana do scoláirí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu. Chomh maith leis sin, is féidir leis an easpa measúnuithe caighdeánaithe a bheith ina fhadhb.

Tá sé tábhachtach measúnú chun foghlama a úsáid ar fud ár gcleachtais teagaisc chun pleanáil chuí cheachta a chinntiú agus chun measúnú a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas ag ár scoláirí. Go hidirnáisiúnta, moltar dúinn measúnú a dhéanamh ar ár gcuid scoláirí sa dá theanga ionas gur féidir linn léargas cuimsitheach a fháil ar a scileanna agus a gcumais go léir.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi mheasúnú chun foghlama anseo.

## Uirlisí measúnaithe

Tá na huirlisí measúnaithe seo a leanas ar fáil as Gaeilge. Ní bhaineann siad go sonrach le huathachas, áfach.

**Bunleibhéal: Litearthacht**

- Ábhair thacaíochta bunaithe ar an Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht
- Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht
- Cur chuige Cothromaithe i Leith na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile: Measúnú don Teagasc agus don Fhoghlaim
- Measúnú Múnlaitheach ar Scileanna Litrithe
- Taifead agus Scór na Léitheoireachta Cleite, An Clár Luathléitheoireachta
- Taifead Reatha Léitheoireachta (Curaclam Teanga na Bunscoile)
- Uirlisí measúnaithe Mar a Déarfá!

**Bunleibhéal: Uimhearthacht**

- Sigma-T don Mhata

**Trialacha ón bhForas Taighde ar Oideachas (Bunscoile agus Iar-Bhunscoile)**

Féach www.tests.erc.ie

- Catalóg
- Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge
- Triail Nua Mhatamaitice Dhroim Conrach do Bhunscoileanna
- Próifílí Measúnachta don Ghaeilge sna Scoileanna Gaeltachta agus Scoileanna Lán-Ghaeilge

**Iar-bhunleibhéal**

- Comhairle maidir le hionstraimí/trialacha measúnachta a úsáid le haghaidh treorach nó le haghaidh riachtanas breise nó le haghaidh riachtanas speisialta oideachais (RSO) in iar-bhunscoileanna
- Droim Conrach: Triail Dhroim Conrach don Léitheoireacht Ghaeilge (Noirm do scoláirí in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ag deireadh an Dara Bliain.)

# Tacaíochtaí: Súgradh faoin aer

Is minic gur fearr le leanaí uathacha bheith ag súgradh ar bhealaí atá éagsúil lena gcomhpháirtithe ranga néaraitipiciúla. B'fhéidir gur fearr le cuid acu súgradh atá níos aonaraí agus atá atriallach. D'fhéadfadh freagairt an-ard nó an-íseal a bheith acu ar fhaisnéis chéadfach, a chiallaíonn gur féidir leo a bheith trí chéile i roinnt timpeallachtaí nó d'fhéadfadh timpeallachtaí áirithe a bheith róchiúin dóibh le bheith ag súgradh iontu. D'fhéadfadh deacrachtaí luaile a bheith ag roinnt páistí uathacha, rud a chiallaíonn nach mbíonn an rochtain chéanna acu ar chineálacha áirithe súgartha.

Is deis é súgradh faoin aer do gach páiste an leas is fearr a bhaint as a gcuid céadfaí cibé bealach is compordaí dóibh. Cuireann sé timpeallacht spáis, saoirse gluaiseachta agus taiscéalaíochta ar fáil. Féadfaidh sé seo spás a chur ar fáil freisin chun spriocanna curaclaim, aidhmeanna próiseála céadfacha agus spriocanna scileanna luaile a bhaint amach.

**Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní**

**Súgradh faoin aer ar scoil**

**Súgradh céadfach faoi aer agus an curaclam**

**Cártaí gníomhaíochta don spraoi lasmuigh ó Ionad Uathachais Middletown**

**Tuilleadh faoi uathachas agus súgradh**

## Súgradh faoin aer – acmhainní eile Gaeilge

- 120 Gníomhaíocht Neamhtheagmhálacha (SFGM): www.scoilnet.ie/ga/pdst/120noncontactpe
- Bí cosúil le – Súgradh Samhlaoíchta – An Tairseach
- Bileoga Spraoi (Tuismitheoirí na Gaeltachta): www.tuismitheoiri.ie/category/bileoga-spraoi/
- Céim ar Aghaidh (CLG): www.learning.gaa.ie/GaeilgePECeim
- Déan Damhsa Liom (CCEA): www.ccea.org.uk/learning-resources/dean-damhsa-liom
- Gluais go maith, Gluais go minic / Lasmuigh den Seomra Ranga (SFGM): www.scoilnet.ie/ga/pdst/physlit/
- Sosanna Spleodracha (Foras Croí na hÉireann agus Gaelbhratach - An Tairseach
- Spraoi Spórt (Altram) www.altram.org/spraoi-spórt
- Tumoideachas sa Naíonra – Caibidil 3 Súgradh(Gaeloideachas) www.gaeloideachas.ie/tumoid-sa-naionra/3-sugradh/

## Cluichí clóis chun teanga na Gaeilge a shealbhú

Is smaoineamh maith é roinnt cluichí Gaeilge a mhúineadh do na scoláirí is féidir leo a imirt lena bpáirtithe ranga ag am sosa. Ní hamháin go spreagfaidh sé seo forbairt a gcuid Gaeilge, ach cabhróidh sé leo freisin dul i ngleic le gné shóisialta am sosa.

Tá roinnt cluichí iontacha lena mbaineann spriocanna teanga sa lámhleabhar 'Spreag an Ghaeilge le Spraoi'.

Féach freisin "An Ghaeilge sa Chlós" ar shuíomh Beatha Teanga

**Cluichí Clóis – roinnt acmhainní eile**

- Cluichí Clóis (An Cúntóir)
- Cluichí sa Chlós (alt san iris InTouch)
- Cluichí sa Chlós (cáipéis Word le 8 gcluiche ón SFGM)
- Físeáin faoi chluichí clóis
- Gluais Go Maith, Gluais Go Minic (clár ón SFGM le 3 leabhar agus Treoir don Mhúinteoir)
- Gníomhach sa Chlós Súgartha; Cluichí do Chlóis Súgartha i mBunscoileanna (leabhrán le Cothú na Gníomhaíochta Coirp In Éirinn)
- Rannta Scipeála (Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc)
- Spraoi Le Chéile; cluichí, amhráin agus rannta traidisiúnta (Cluichí Gaeilge ar lth.103 -136)
- Spreag an Ghaeilge le Spraoi (leabhrán le COGG)

Tá roinnt cluichí eile le fáil ar an Tairseach ach na heochairfhocail "cluiche" nó "cluichí" a chuardach.

# Tacaíochtaí: Imní a bhainistiú/Ag fanacht socair

Tugann taighde le fios gur saincheist shuntasach í imní do pháistí uathacha. Is féidir leis an scoil a bheith ina cúis imní dáiríre do go leor daoine óga uathacha. Seo áit a bhfaigheann siad taithí ar ghrúpa mór daoine, timpeallacht chéadfach anordúil, méid mór dothuarthachta agus is beag smacht a bhíonn acu ar a lá. Má thugtar tacaíocht do dhalta chun a n-imní a thuiscint agus a bhainistiú níos fearr, is féidir tionchar dearfach a bheith aige ar a ghnóthachtáil scoile, ar a chuid codlata, ar a idirghníomhaíochtaí sóisialta agus ar a shaol teaghlaigh.

**Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní**

**Leideanna is fearr chun Imní a Bhainistiú**
**Teimpléad Fuinnimh**
**Scála 5 Phointe**
**Tacaíocht le Léiriú Mothúchánach**
**Jigsaw – Acmhainní Meabhairshláinte**
**Autistica – Ag Tacú le Daoine Óga Trí Ghéarchéim**
**Tuilleadh léitheoireachta ar Thacaíochtaí Imní**



# Tacaíochtaí: Freagairtí Míchuibheasacha ar Strus a sheachaint

Is féidir leis na héilimh chéadfacha, shóisialta agus thaisc a bhaineann le gnáthlá scoile a bheith ina gcúis le hardleibhéil imní agus chiaptha do pháistí uathacha. Má tharlaíonn deacrachtaí leis na gnéithe seo le chéile nó arís agus arís eile i rith an lae agus mura bhfuil an duine óg in ann dul i ngleic leis an gciapadh atá ag dul i méid, i gcásanna áirithe d'fhéadfadh siad mothú go bhfuil smacht caillte acu, rud a théann i bhfeidhm orthu agus ar na daoine mórthimpeall orthu. Is freagairt nádúrtha é seo ar fhíorchiapadh – amhail freagairt 'troid nó teitheadh'. Tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar bhunchúis ciaptha agus imní an duine.

**Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní**

**Tacaíochtaí Iarscoile**

**Leideanna is fearr maidir le Freagairtí Míchuibheasacha ar Strus**

# Tacaíochtaí: Scileanna um Rialáil Mhothúchánach

Bíonn deacrachtaí ag go leor daoine uathacha a gcuid mothúchán féin a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu. Tugtar ailéicsitéime air seo. Is féidir leis an ailéicsitéime imní a dhéanamh níos measa do dhaoine uathacha. Is féidir leis an ailéicsitéime é a dhéanamh deacair do pháiste uathach na braistintí fisiceacha a d'fhéadfadh a bheith bainteach le mothúcháin a thabhairt faoi deara (amhail croí ag preabadh nó sruth aidréanailín). Is féidir leis a bheith deacair freisin do pháistí uathacha a gcuid mothúchán a rialú. Mura féidir leo mothúchán a aithint, ní féidir leo glacadh leis nó athruithe a dhéanamh chun é a éascú. Ach cuidiú le páistí a bheith feasach, a gcuid mothúchán a lipéadú agus a chur in iúl, tugtar na scileanna dóibh lena bhfolláine a bhainistiú.

**Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní**

**Leideanna is fearr do Mhúinteoirí**

**Leideanna is fearr don Fholláine Mhothúchánach**

**Acmhainní Aireachais**

**Limistéar Suaimhnis a Chruthú**

**Cleachtadh Talmhaithe**

**Cabhair a Lorg**

**Dathúchán Aireach**

# Tacaíochtaí: Athrú a Bhainistiú

Is cuid mhór den ghnáthshaol iad aistrithe do chách. Is cuma cén timpeallacht (baile, scoil, nó san ionad oibre), tarlaíonn aistrithe go nádúrtha. Éilíonn an t-aistriú go mbeidh an cumas ag duine stop a chur le gníomhaíocht, suíomhanna a athrú, b'fhéidir, agus tús a chur le rud éigin nua. Ní hamháin go mbíonn athrú chuig áit dhifriúil i gceist le haistrithe, ach freisin athrú ar phatrún smaointeoireachta go topaic eile. Féadfaidh aistrithe a bheith dúshlánach mar go bhféadfadh sé go mbeadh deacracht ag roinnt daoine uathacha leis na nithe seo a leanas:

- Aird a aistriú ó thasc ar a bhfuil siad dírithe go mór cheana (féach Monotrópachas)
- Treoracha nó mínithe briathartha a thuiscint
- Faisnéis nó céimeanna gníomhaíochta a sheicheamhú nó cuimhneamh orthu
- Ag aithint na leideanna caolchúiseacha roimh an aistriú (.i. daltaí ag pacáil a n-ábhar, múinteoirí ag cur deireadh lena gceacht, daltaí eile ag fáil a gcuid lónta).
- Gnáthamh nó iompraíocht a athrú

Is féidir le leibhéil imní agus rialú mothúchánach dul i bhfeidhm ar iompraíocht le linn aistrithe.

**Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní**

**Leideanna is fearr chun Athrú a Bhainistiú**

**Acmhainn Bainistíochta Athraithe Middletown**

# Tacaíochtaí: Scileanna Saoil

### Tacú le neamhspleáchas agus foghlaim scileanna laethúla

- Is ionann scileanna saoil agus cumais a fhoghlaimíonn gach páiste le cur ar a gcumas déileáil go héifeachtach le héilimh agus le dúshláin an ghnáthshaoil. Cothaíonn siad féinéifeachtúlacht, féinmhuinín agus féinmheas ní hamháin le linn don dalta freastal ar scoil ach ar feadh an tsaoil.
- I gcás daltaí uathacha, is lú teacht a bheidh acu ar fhoghlaim scileanna saoil ar an mbealach céanna lena bpiaraí néaraitipiciúla. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh cumarsáid agus teagasc níos dírí de dhíth orthu, caithfidh an timpeallacht chéadfach a bheith compordach, agus b'fhéidir go mbeadh níos mó ama ag teastáil uathu chun aistriú trí thopaicí agus faisnéis a phróiseáil.

**Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní**

**Leideanna is fearr do Scileanna Saoil**
**Scileanna Saoil a Mhúineadh**
**Pléann an Dr Jed Baker Scileanna Saoil**
**Cúram Pearsanta – Seisiún Amhránaíochta**
**Gnáthaimh Shláintiúla**

# Tacaíochtaí: Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Is cuid bhunúsach den duine í an ghnéasacht, rud a chiallaíonn go gcaithfidh oideachas caidrimh agus gnéasachta (OCG) a bheith ina thosaíocht do gach dalta. Léiríonn taighde go bhfuil taithí ar chaidreamh rómánsúil ag céatadán ard daoine fásta uathacha nach bhfuil deacrachtaí foghlama ná míchumas intleachtúil acu. Thuairiscigh roinnt daoine uathacha go raibh siad níos sásta lena gcaidreamh sa chás go raibh a bpáirtí uathach freisin. Tá an t-oideachas gnéasachta céanna ag teastáil ó dhaltaí uathacha agus atá ag a bpiaraí néaraitipiciúla.

Tá sé léirithe ag taighde gur mó an seans go n-aithneoidh daoine uathacha mar dhaoine atá éagsúil ó thaobh gnéis de (amhail leispiach, aerach nó déghnéasach) i gcomparáid le daoine néaraitipiciúla. Uaireanta is féidir leis na féiniúlachtaí trasnaithe seo dúshláin phearsanta ar leith a chruthú (m.sh. mothú difriúil), dinimic shóisialta (m.sh. stiogma agus eisiamh), agus riosca níos airde d'fhadhbanna meabhairshláinte.

**Leideanna is fearr, naisc agus acmhainní**

**Leideanna is fearr chun OCG a Mhúineadh**
**Acmhainn Middletown do Dhéagóirí**
**Fanacht Sábháilte**

### Caidrimh dhearfacha idir an scoil agus an baile a chruthú

Cuid an-tábhachtach de shaol scoile an scoláire is ea rannpháirtíocht tuismitheoirí, agus bíonn tionchar dearfach aici ar rannpháirtíocht agus gnóthachtáil an scoláire. Seo roinnt bealaí inar féidir le scoileanna lán-Ghaeilge rannpháirtíocht tuismitheoirí ina scoil a mhéadú.

- Is fearr cuirí sonracha a thabhairt do thuismitheoirí páirt a ghlacadh, m.sh., gníomhaíocht léitheoireachta beirte.
- Tuismitheoirí a spreagadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí scoile/obair bhaile, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá acu.
- Tuismitheoirí a chumasú leis na scileanna a theastaíonn uathu chun páirt a ghlacadh in oideachas a bpáiste (m.sh., an próiseas a bhaineann le hobair bhaile a dhéanamh a léiriú ag físchruinniú nó cruinniú grúpa).
- Bíodh polasaithe agus straitéisí soiléire agat maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí (m.sh., teagmhálaí baile agus scoile).
- Cinntigh go bhfuil atmaisféar fáilteach agus iontráil oscailte ag an scoil.
- Bain úsáid as cur chuige bunaithe ar láidreachtaí maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí – tabhair cuireadh do thuismitheoirí a bheith rannpháirteach sna gnéithe is féidir leo a dhéanamh.
- Is fearr an chumarsáid dhátheangach – seol comhfhreagras i nGaeilge agus i mBéarla.

- Mínigh do thuismitheoirí an tábhacht a bhaineann le bheith ag obair lena bpáiste ina dteanga bhaile, m.sh., teanga ó bhéal agus litearthacht.
- Cuir tuismitheoirí ar an eolas faoi na hacmhainní atá ar fáil chun cur le heolas Gaeilge a bpáistí, m.sh., trí fhéachaint ar chlár teilifíse Gaeilge lena bpáiste.
- Smaoinigh ar chórais atá cosanta ag pasfhocal a úsáid chun obair a bpáiste a roinnt leo, seol samplaí dá gcuid oibre chuig na tuismitheoirí le féachaint orthu agus a gcuid tuairimí a chur in iúl, tabhair nuashonruithe rialta ar dhul chun cinn a bpáiste sna scoileanna.

**Leideanna do thuismitheoirí**

- **Úsáid teanga neamhfhoirmiúil**: Má úsáideann tú teanga a bhfuil tú féin ar do chompord léi, cabhrófar leat labhairt agus úsáid teanga a léiriú. Soláthróidh sé seo an léiriú teanga is nádúrtha agus is mó an seans a bheidh ann go ndéanfá comhrá le do pháiste a chur chun cinn! Cuimhnigh gur fearr aon teanga ná teanga ar bith.
- **Úsáid teanga shimplí**: Bain úsáid as teanga a thuigfidh do pháiste ionas gur féidir leis naisc a thógáil idir focail a úsáidtear ina ghnáthshaol.
- **Glac le hiarratais sa dá theanga**: Nuair a dhéanann do pháiste cumarsáid leat, tabhair freagra orthu, is cuma cén teanga a úsáideann siad. Spreagfaidh sé seo do pháiste chun leanúint ar aghaidh ag cumarsáid leat.
- **Moilligh**: Má labhraíonn tú ar luas níos moille, beidh am níos éasca ag páistí tuiscint a fháil ar a bhfuil á rá agat.  Leathnaigh teanga trí léiriú: Má úsáideann do leanbh frásaí 1-2 fhocal, léirigh abairtí níos faide ach athrá a dhéanamh ar a ndúirt siad agus focal amháin nó dhó a chur leis. Mar shampla, má tharraingíonn daidí isteach ar an gcabhsán agus má deir do leanbh "Daidí!", d'fhéadfá é seo a leathnú ach "Tá Daidí sa bhaile" nó "Thiomáin Daidí abhaile! a rá."



- **Úsáid Cumarsáid Bhreisitheach Mhalartach (AAC)**: Is féidir le córais AAC a bheith an-chabhrach do phaistí uathacha, go háirithe dóibh siúd nach labhraíonn agus iad a bhfuil cumas labhartha teoranta acu Is féidir leat cláir chumarsáide pictiúr, leabhair sceidil, agus cineálacha éagsúla tacaíochtaí eile a úsáid chun do pháiste a spreagadh chun a gcuid riachtanas a chur in iúl duit. Ní chuireann úsáid AAC bac ar fhorbairt cainte ach ina ionad sin cabhraíonn sé leis na bealaí agus na cúiseanna a ndéanaimid cumarsáid a mhúineadh. Is féidir iad seo a dhéanamh chun tacú leo i dteangacha éagsúla.
- **Léigh le do pháiste**: Is féidir le leabhair a léamh le chéile i dteangacha éagsúla stór focal a fheabhsú chomh maith le scileanna léitheoireachta a fhorbairt.
- **Imir cluichí teanga**: I measc na samplaí maithe de chluichí a chleachtann eolas a thabhairt agus a fháil trí theanga, tá *Deir Ó Grádaigh*, *Mad Libs*, agus *Story Cubes*. Is féidir le cluichí litreach ar nós *Boggle* agus *Bananagrams* cuidiú le stór focal agus feasacht ar chodanna éagsúla d'fhocal.

(Seach et al., nd)

## Impleachtaí don mhúinteoireacht

- Tá gach páiste uathúil – níl aon bheirt mar a chéile!
- Tá an cumas ag gach páiste an dara teanga a shealbhú nuair a bhíonn na nithe seo a leanas ann:
  - Ionchur leordhóthanach sa dá theanga
  - Tacaíocht sa bhaile agus ó phobal na scoile
  - Acmhainní cuí
  - Rannpháirtíocht/tacaíocht tuismitheoirí
  - Tá an spéis/spreagadh acu an dara teanga a fhoghlaim



# Naisc agus Acmhainní Úsáideacha

## Naisc agus Acmhainní ó Gaeloideachas

Rannóg faoi leith dírithe ar riachtanais speisialta ar shuíomh Gaeloideachas

Acmhainní Gaeilge do pháistí agus daoine óga uathacha ó AsIAm agus Gaeloideachas

Ag Tacú le do Pháiste: Oideachas lán-Ghaeilge agus RSO (Leabhrán ginearálta do thuismitheoirí agus cúramóirí forbartha ag Gaeloideachas i bpáirt leis an NCSE)

Acmhainní do ranganna uathachais ar shuíomh Gaeloideachas

Físeáin Gaeloideachas ar YouTube

Ag Tacú le Scoláirí a bhfuil Disléicse orthu sa Bhunscoil

Disléicse agus Foghlaim na Gaeilge

Ag Tacú le Scoláirí a bhfuil Uathachas orthu san Oideachas Lán-Ghaeilge & Gaeltachta

Riachtanais Speisialta Oideachais Lán-Ghaeilge/Irish-Medium Special Needs Education

Rang Speisisalta a Bhunú agus a Bhuanú i mBunscoil lán-Ghaeilge

Bunú agus buanú ranganna speisialta agus tacaíochtaí eile atá ar fáil don oideachas speisialta

## Naisc agus Acmhainní as Gaeilge

Acmhainní ó CCEA dírithe ar shainriachtanais oideachais: www.ccea.org.uk/gaeloideachas/sainriachtanais/

- Leideanna Amhairc
- Cártaí Mothúchán

Acmhainní praiticúla ar an Tairseach (COGG)

Ag tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna Gaeltachta agus lán Ghaeilge

Áiseanna Tacaíochta don Oideachas Speisialta

Anailís ar na hacmhainní reatha teagaisc agus foghlama do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Doiciméid, teoirlínte agus acmhainní ón NCSE agus eagraíochtaí eile: www.padlet.com/cathyconnolly1/as-gaeilge-6yzhd1frvuw5st9q

Soláthar Oideachais d'Fhoghlaimeoirí le Neamhord de Chuid Speictream an Uathachais i Ranganna Speisialta Ceangailte le Scoileanna Príomhshrutha in Éirinn

Treoir Dea-Chleachtais do Scoileanna maidir le hUathachas– Ag Tacú le Leanaí agus Daoine Óga

Uathachas agus Cumarsaid Mhalartach Mhéadaithe

Ióga agus Aireachas | Yoga and Mindfulness

Aireachas le Joe Moore

Cleachtaí Suaimhnis agus aireachais ó Ospidéal Beaumont

Ióga le Ciarán Mac Fhearghusa, Óga Yoga ar Cúla 4

Ióga le Jenny Ní Ruiséil

Machnamh i nGaeilge le Nuala Ní Scolláin

MALL (Machnamh & Aireachas le Lisa)

Rang Ióga le hOrlaith Ní Chearra

Rang suaimhnis le Katie Mc Greal

Spórt, Spraoi agus Suaimhneas le Óga Yoga

## Naisc agus Acmhainní Béarla

Autism Advisory & Intervention Service (AAIS)

Uathachas TÉ – Acmhainní Oideachais

EA NI: Acmhainní oideachas trí Ghaeilge

Na Tacaíochtaí Breise a Theastóidh ó Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu i Scoileanna Lán-Ghaeilge

## Naisc agus Acmhainní ar an Dátheangachas



8 things to know about bilingualism in autism

An Evidence Based Guide to Autism and Bilingualism

Autistic People's Access to Bilingualism and Additional Language Learning: Identifying the Barriers and Facilitators for Equal Opportunities

Benefits of a bilingual education for children with special needs

Bilingualism in autism: Evidence and recommendations for clinical practice

Can children with language impairments learn two languages?

Can Children with Special Needs Be Bilingual?

Can your child who has autism learn two or more languages?

Exceptional Students and Second Language Learning

Irish Research Network in Childhood Bilingualism and Multilingualism

Longitudinal Social and Communication Outcomes in Children with Autism Raised in Bi/Multilingual Environments

My child is autistic, should they learn more than one language?

Research in Bilingualism and Autism

SLT facts and advice for supporting bilingual & multilingual language development (Enable Ireland)

The Challenges of Irish Language Acquisition for Students with Special Educational Needs in Irish-medium Primary Schools

The Factors Motivating Parents to Choose Irish Immersion Education for their Child with Special Educational Needs

The prevalence and types of special educational needs in Irish immersion primary schools in the Republic of Ireland

Uathachas agus Dátheangachas: Salvesen Mindroom Research Centre Policy Briefing

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

**www.gaeloideachas.ie**

**Twitter @Gaeloid**

**Facebook @Gaeloideachas**

**Instagram @Gaeloideachas**

**YouTube @Gaeloideachas**

**Threads @Gaeloideachas**

CENTRE FOR AUTISM
MIDDLETOWN

**www.middletownautism.com**

**Twitter @autismcentre**

**Facebook @CentreforAutism**

**Instagram @middletowncentreforautism**

**YouTube @MiddletownCentreForAutism**

Urraithe ag

Foras na Gaeilge